

▶ Aonad 1

Achoimre ar Chánacha

Plean Ceachta





1.0 Toradh Foghlama

Chun cuspóir an chánachais a scrúdú agus tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-úsáidtear ioncam rialtais a bhailítear tríd an gcóras cánachais chun caiteachas rialtais a mhaoiniú.



2.0 Spriocanna Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo, beidh mé in ann:

1. An téarma cánachas a mhíniú agus breac-chuntas a thabhairt ar chuspóir córas cánach
2. Tuiscint a fháil ar na cúiseanna le cánacha a íoc
3. Breac-chuntas a thabhairt ar na cineálacha cánacha a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim, ó dhaoine aonair agus ó ghnóthaí
4. Príomhréimsí ioncaim (ioncam reatha) agus caiteachais rialtais a aithint



3.0 Fad ama


2 x rang uair an chloig



4.0 Naisc

Naisc Tuisceana

Cánachas, ioncam agus caiteachas an Rialtais, Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC), Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC), Cáin Charbóin, Cáin Chorporáide, Dleacht Chustam, Cáin Choinneála ar Ús Taisce (CCÚT), Dleacht Mháil, Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ), Dleacht Stampála, Cáin Bhreisluacha (CBL), Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF)



Naisc Uimhearthachta

Dátaí, Suimiú, Dealú, Leithdháileadh caiteachas rialtais



Naisc Traschuraclaim

Ríomheolaíocht, Eacnamaíocht, Tíreolaíocht, Stair, Matamaitic, an Pholaitíocht agus an tSochaí



Scileanna Idirbhliana

A bheith éifeachtach go pearsanta, Cumarsáid, Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, Próiseáil faisnéise, Obair le daoine eile



5.0 Acmhainní

Seo na hacmhainní a bheidh uait sa cheacht seo:

1.	Clár bán, teilgeoir, ríomhaire pearsanta / ríomhaire glúine le nasc idirlín
2.	Plean Ceachta
3.	Cur i láthair PowerPoint
4.	Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí
5.	Bileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí & Freagraí
6.	Bileog Oibre & Freagraí ar Thráth na gCeist
7.	Kahoot! Scarbhileog Thráth na gCeist le hUaslódáil & Freagraí
8.	Dialann Foghlama Scoláire

6.0 Réamhrá Ceachta

Tugann an **múinteoir breac-chuntas gairid ar na spriocanna foghlama ar shleamhnán PowerPoint 2** chun na hábhair atá le clúdach le linn an cheachta a thaispeáint do scoláirí. **Dáiltear cóip de Aonad 1 - Bileoga Oibre (1 agus 2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí** ar gach scoláire.

6.1 Sainmhíniú ar Chánachas

Gníomhaíocht 1

Cuireann an múinteoir coincheap an chánachais i láthair agus iarrann sé/sí ar scoláirí **Smaoinigh-Oibrigh i bPéirí-Roinn** a úsáid chun sainmhíniú ar chánachas a thaifeadh ar an **mBileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 1**.

D'fhéadfadh an méid seo thíos a bheith san áireamh i **moltaí na scoláirí**:

<ul style="list-style-type: none">Braitheann an méid a íocann daoine / gnóthaí ar an méid is féidir leo a íoc	<ul style="list-style-type: none">Suim airgid a íoctar leis an rialtas
<ul style="list-style-type: none">Téann sé chun sochair do gach duine	<ul style="list-style-type: none">Ranníocaíocht is gá a dhéanamh
<ul style="list-style-type: none">Ní iarrann ach údaráis phoiblí cánachas	<ul style="list-style-type: none">An suim a ghearrtar ar ioncam fostaí agus / nó ar bhrabús gnó
<ul style="list-style-type: none">Méid a chuirtear le costas earraí agus seirbhísí	<ul style="list-style-type: none">Úsáidtear é chun íoc as earraí agus seirbhísí poiblí

Gineann na scoláirí sainmhínithe agus déanann an múinteoir **taifead** orthu ar **shleamhnán PowerPoint 4**. Ansin oibríonn an múinteoir agus na scoláirí le chéile chun **sainmhíniú ar chánachas a chruthú** agus déanann siad **taifead** de seo ar **shleamhnán PowerPoint 5**.

6.2 Cén fáth a bhfuil gá leis an gcánachas?

Gníomhaíocht 2

Má tá an t-idirlíon ag scoláirí, is féidir leo **taighde** a dhéanamh **ina n-aonar / i mbeirteanna ar an bhfáth a bhfuil gá leis an gcánachas**. Nó, d'fhéadfadh scoláirí oibriú i mbeirteanna / i ngrúpaí chun cúiseanna a chur le chéile faoin bhfáth a bhfuil gá leis an gcánachas. Féadann **scoláirí taifead a dhéanamh** ar na cúiseanna seo ar na **Bileoga Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, agus Gníomhaíocht 2**, agus is féidir leis an múinteoir taifead a dhéanamh orthu ar an gclár bán, agus ar **shleamhnán PowerPoint 6**.

D'fhéadfadh na nithe seo thíos a bheith san áireamh **sna freagraí a d'fhéadfadh na scoláirí a thabhairt**:

- Chun seirbhísí rialtais a mhaoiniú, m.sh. oideachas, sláinte agus iompar
- Chun saibhreas a athdháileadh, m.sh. airgead a sholáthar le haghaidh sochar cuardaitheora poist agus pinsean
- Chun iompar diúltach a laghdú, m.sh. Dleacht mháil, Cáin charbóin

6.3 Prionsabail an Chánachais

Míníonn an múinteoir prionsabail na gcóras cánachais bunaithe ar shaothar Adam Smith a thaispeántar **ar shleamhnáin PowerPoint 7-9**.

6.4 Bailiú Cánacha

Plé faoi stiúir an mhúinteora ag fiafraí de scoláirí cén **eagraíocht a bhailíonn cánacha** thar ceann Rialtas na hÉireann. Taispeánann an múinteoir **na sleamhnáin PowerPoint 11-13** chun eolas faoi stair, ráiteas misin agus straitéis reatha na gCoimisinéirí Ioncaim a chur ar fáil.

7.0 Ioncam agus Caiteachas an Rialtais

7.1 Ioncam an Rialtais

Gníomhaíocht 3

D'fhéadfadh an múinteoir **suíomh idirlín vótála** ar líne a úsáid, m.sh. www.sli.do, www.menti.com chun ceist a chruthú ag iarraidh ar **scoláirí foinsí ioncaim Rialtais na hÉireann a mholadh**. Mura bhfuil gléas/an t-idirlíon ar fáil, d'fhéadfadh **scoláirí oibriú i mbeirteanna/ i ngrúpaí** chun **taifead** a dhéanamh ar a gcuid moltaí ar an **mBileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 3**.

Féadtar taifead a dhéanamh ar **mholtaí na scoláirí ar shleamhnán PowerPoint 15** agus d'fhéadfadh an méid seo thíos a bheith san áireamh:

- Cánachas: Cárán Ioncaim, MSU, ÁSPC, CBL, CGC, CFC, Dleacht Mháil, Dleacht Chustam, CMÁ, Cárán Charbóin, CCÚT (DIRT), CCF
- Iasachtaí
- Príobháidiú
- Díbhinní ó chuideachtaí faoi úinéireacht an stáit

Chun **cánacha coitianta a shoiléiriú** do scoláirí, léiríonn an múinteoir **sainmhíniú** gairid ar **dhá cháin déag choitianta** in Éirinn ar **shleamhnán PowerPoint 16-18**. Ansin taispeánann an múinteoir an **phíchart** do scoláirí ó shuíomh idirlín na Príomh-Oifige Staidrimh ina bhfuil sonraí i leith **fhíorioncam an Rialtais ar shleamhnán PowerPoint 19**.

7.2 Caiteachas an Rialtais

Gníomhaíocht 4

D'fhéadfadh an múinteoir **suíomh idirlín vótála** ar líne a úsáid, m.sh www.sli.do, www.menti.com chun **moltaí maidir le caiteachas an Rialtais** a iarraidh ar scoláirí. Mura bhfuil gléas/ an t-idirlíon ar fáil, d'fhéadfadh scoláirí oibriú le chéile chun **taifead a dhéanamh ar** a gcuid moltaí ar an **mBileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 4**.

D'fhéadfadh na nithe seo thíos a bheith san áireamh **sna freagraí a d'fhéadfadh na scoláirí a thabhairt**:

- Tógáil ospidéal, scoileanna, agus bóithre
- Pá agus tuarastail fhostaithe na hearnála poiblí agus státseirbhísigh
- Trealamh don arm, do na Gardaí agus d'ospidéal

Féadann **múinteoir taifead a dhéanamh ar** na moltaí seo agus **sleamhnán PowerPoint 20** agus féadann an múinteoir oibriú leis na scoláirí chun **na moltaí seo a ghrúpáil ina gceannteidil choitianta**, m.sh. sláinte, oideachas, talmhaíocht.

Gníomhaíocht 5

Ansin taispeánann an múinteoir fíorfhigiúr Chaiteachas an Rialtais 2023 (ar **shleamhnán PowerPoint 21**) do na scoláirí. **Ag obair i mbeirteanna / i ngrúpaí** déanann scoláirí **rangú ar na réimsí caiteachais** in ord tábhachta ón réimse is lú tábhacht go dtí an ceann is tábhachtaí. Ba chóir dóibh cúis **a chur ar fáil dá gcinntí rangaithe**. Nuair a chuirtear é sin i gcrích, socraíonn na scoláirí conas a dhéanfaidís an méid airgid seo a scaipeadh ar fud na n-ocht gcatagóir caiteachais thíos:

1. Coimirce Shóisialach	5. Talmhaíocht
2. Costais Sláinte	6. Seirbhísiú ar fhiachas agus Íocaíochtaí AE
3. Oideachas	7. Iompar
4. Dlí agus Ceart	8. Eile – Caiteachas na Ranna Rialtais

Féadann scoláirí **taifead a dhéanamh** ar scaipeadh an airgid ar an **mBileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 5**.

Ansin, taispeánann an múinteoir **miondealú ar fhíorchaiteachas an Rialtais** i leith 2023 ar **shleamhnán PowerPoint 22**. Tá **nasc ar an sleamhnán** agus **treoraíonn sé** múinteoirí chuig an rannán cuí de www.whereyourmoneygoes.gov.ie. Is féidir leis an múinteoir **mionscagadh a dhéanamh ar chatagóirí caiteachas aonair** chun faisnéis mhionsonraithe a thaispeáint maidir le caiteachas roinne.

Féadann múinteoir **plé na scoláirí** a éascú trí úsáid a bhaint as na ceisteanna ar **shleamhnáin PowerPoint 24-24**, ina measc:

- Cén fáth ar thug sibh airgead ar an mbealach seo?
- An raibh aon easaontas ann faoi cén áit ar cheart maoiniú a dháileadh? Cén chaoi ar réitigh sibh na heasaontais seo agus ar tháinig sibh ar chinneadh?
- An raibh leithdháiltí an Rialtais ag teacht le leithdháiltí na scoláirí nó an raibh difríocht eatarthu? An raibh aon réimse caiteachais ann a chuir iontas ort?
- Cad iad na seirbhísí poiblí a mbeifeá sásta déanamh gan iad dá bhféadfá níos lú cánach a íoc? Cén tionchar a d'fhéadfadh teacht as cánacha a laghdú?

8.0 Gníomhaíocht Taighde

Líonann scoláirí amach **Bileog Oibre (2)** le haghaidh **Gníomhaíocht Scoláirí** chun tuilleadh eolais a fháil amach faoi chánachas in Éirinn. Féadtar **freagraí** a thaispeáint trí úsáid a bhaint as na **Freagraí do Bhileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht, Freagraí Scoláirí**, nó mar ghníomhaíocht ranga iomlán ina dtugann na scoláirí na freagraí.

9.0 Néal Focal

Gníomhaíocht 6

Mar chleachtadh dul siar, d'fhéadfadh scoláirí míniú (ó bhéal / i bhfoirm scríofa) a thabhairt ar gach ceann de na **príomhthéarmaí** atá le feiceáil ar an **Néal focal i nGníomhaíocht 6**, sleamhnán PowerPoint 25.

10.0 Réamhrá le haghaidh Thráth na gCeist Cánachais

Féadann múinteoirí **Aonad 1 a uaslódáil - Réamhrá don scarbhileog Chánachais Excel** chuig an gcuntas **Kahoot!** atá acu féin [tá na treoracha ar fáil [anseo](#)] agus féadann scoláirí an **tráth na gceist ar líne a chríochnú**. Mura bhfuil an t-idirlíon / gléas ar fáil, d'fhéadfaí **leagan bileog oibre de** a dháileadh ar scoláirí le críochnú, agus é a **cheartú sa rang**.

11.0 Dialann Foghlaimeora

Dáileann an múinteoir **teimpléad den dialann foghlama** agus **críochnaíonn scoláirí** an dialann foghlama a bhaineann leis an aonad seo.